

B'ionann an caiteachas comhdhlúite (gan dímheas agus ús iníoctha san áireamh) don bhliain agus €345.3m (2015/16: €327.4m mar a athshonraíodh). Baineann an ghluaiseacht €17.9m den chuid is mó le méadú €11.2m ar chostas foirne mar thoradh ar bhreis gníomhaíochta (taighde agus tráchtáil) agus aistriú pá luathaithe arna cheadú ag an Stát. Cé go bhfuil méadú ar chostais foirne de réir na leibhéal gníomhaíochta, tá siad laghdaithe mar chéatadán den ioncam iomlán mar a leagtar amach i bhFíor 2. Tháinig méadú 7.2% ar chostais oibríochta eile bliain ar bhliain, a léiríonn go príomha an méadú ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an méadú ar ioncam ó thaighde agus ioncam tráchtála. Tugadh athbhreithniú neamhspleách chun críche le linn na bliana ar shaol eacnamaíoch úsáideach roinnt foirgneamh agus mar thoradh air sin laghdaigh an muirear dímheasa bliantúil thart ar €3m. Féach nótaí 8 go dtí 10 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite chun miondealú breise ar chostais a fháil.




**Fíor 2**

Mhéadaigh tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (EBITDA) €2.1m (25%) go €10.5m i mbliain airgeadais (BA) 2016/17 agus is ionann sin agus feidhmíocht láidir don bhliain. Le hús iníoctha de €4.9m san áireamh, soláthar €16.2m do dhímheas (glan ar amúchadh) agus muirear lagaithe aon uaire de €3.9m a bhaineann leis an bhfoirgneamh bithcheimice, tá an Ollscoil ag tuairisciú easnamh (roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile) de €14.5m (2015/16: €30.6m).

## Gníomhaíochtaí Taighde





**Fíor 3**

B'ionann leibhéal na ngníomhaíochtaí taighde in 2016/17 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn caiteachas taighde i rith na bliana agus ní an t-ioncam a fuarthas ó dheontais) agus €100.1m, a bhí os cionn €100m den chéad uair riamh, méadú 8.6% ar an mbliain roimhe sin (2015/16: €92.2m). Is í seo an ceathrú bliain as a chéile a thaifead an Ollscoil méadú ar ioncam taighde leis an mbliain reatha 34% chun tosaigh ar an méid a taifeadadh in 2012/13. B'ionann luach na ndámhachtainí a baineadh amach le linn na bliana agus €115m, laghdú 29.9% ar an mbliain roimhe sin. Bhí dámhachtain €68m ón Institiúid Sláinte Inchinne Domhanda, an tabhartas daonchairdiúil is mó a tugadh do Ollscoil in Éirinn riamh, mar chuid den iomlán €164m a tuairiscíodh don bhliain 2015/16 áfach. Áirítear ar dhámhachtainí nua in 2016/17 deontas €10m ón Roinn Sláinte chun tacú le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (TILDA) agus dámhachtain €8m ó Fhiontraíocht Éireann chun an tIonad Teicneolaíochta Foghlama Nuálaíochta a mhaoiniú. Lean an rath atá ar Choláiste na Tríonóide maoiniú AE a mhealladh in 2016/17 le luach na ngradam arna maoiniú faoin gclár Horizon 2020 ag €23.4m (2015/16: €24.8m) lenar baineadh amach 27% den mhaoiniú Horizon 2020 ar fad a dámhadh ar an earnáil an Ard-Oideachais. Tá Coláiste na Tríonóide rangaithe sa 36ú háit san Eoraip as 1,300 Institiúid Ardoideachais do mhaoiniú Horizon 2020. Tá 48% de gach dámhachtain a bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) in Éirinn ó 2014 bainte amach ag an Ollscoil. In 2016/17, b'ionann cóimheas an ioncaim taighde ón Státchiste i gcomparáid le hioncam taighde Neamh-Státchiste agus 65:35 (2015/16: 64:36).

**Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais**

Tá ráiteas láidir maidir lena staid airgeadais (clár comhardaithe) ag an Ollscoil le glansócmhainní comhdhlúite de €800.3m amhail an 30 Meán Fómhair 2017 (2016: €805.1m). B'ionann na breiseanna caipitil sócmhainní seasta le linn na bliana, a léirigh infheistíocht leanúnach in eastát na hOllscoile, agus €34.3m (2015/16: €25.6m). B'ionann breiseanna tógála agus daingneán agus feisteas agus €25.8m a bhaineann go príomha leis an Scoil Ghnó nua (atá súil a thabhairt chun críche i mí na Nollag 2018), cóiríocht mac léinn chearnóg Theach na Clódóireachta (atá le hoscailt i Meán Fómhair 2019) agus Tionscadal Meánvoltais an Champais (a tugadh chun críche i mí na Nollag 2017). Is ionann breiseanna Ríomhaire agus Trealaimh agus €8.5m (2015/16: €10.1m).

Mar a leagtar amach i bhfíor 5 thíos; léiríonn méid na hinfheistíochta i gcaiteachas caipitil an tiomantas láidir atá ann campas de scoth an domhain a chruthú dár mic léinn agus dár bhfoireann agus tá pleananna don todhchaí go maith chun cinn d'fhás spriocdhírithe i réimsí sonracha lena n-áirítear Teiligcheárta Foghlama E3 (Céim 1 de thionscadal uaillmhianach agus nuálach chun saineolas innealtóireachta, teicneolaíochta agus eolaíocht a lánpháirtiú) agus cóiríocht do mhic léinn a thabhairt chun cinn.




Caiteachas Caipitil Carnach 5 Bliana

€118m

**Fíor 5**

B'ionann iarmhéideanna airgid thirim agus infheistíochtaí sócmhainní reatha, ar éarlais ghearrthéarmacha iad den chuid is mó, agus €217.5m amhail an 30 Meán Fómhair 2017 (2016: €244.2m). Tá formhór na hiarmhéide d'airgead tirim a carnadh ag deireadh na bliana geallta le caitheamh ar an gclár caipitil reatha a mhaoiniú agus cé go dtiocfaidh laghdú mór ar an iarmhéid san 18 mí atá le teacht coinneofar íosleibhéal oiriúnach airgid thirim an t-am ar fad chun críocha caipiteal oibre. Tá a saoráid iasachta €145.0m leis an mBanc Eorpach Infheistíochta tarraingthe anuas go hiomlán ag an Ollscoil chun na tionscadail Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus Cearnóg Theach na Clódóireachta a mhaoiniú. Bhí cúnaint bhainc uile na hOllscoile comhlíonta ina n-iomlán faoi dheireadh na bliana. Leagtar amach i dTábla 3 thíos fiachas na hOllscoile (iasachtaí agus léasanna airgeadais) mar chéatadán de na glansócmhainní.

**Tábla 3 – Fiachas mar % de Ghlan-Sócmhainní**


| | FRS102 | | | Cleachtas Cuntasaíochta A Bhfuil Glacadh Leis (GAAP) in Éirinn | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
| Fiachas mar % de ghlan-sócmhainní | 26% | 25% | 17% | 16% | 15% |

Tá beartas cuimsitheach cistíochta i bhfeidhm ag an Ollscoil a ndéanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú go rialta air d'fhonn riosca a íoslaghdú.

**Cáilíocht an Iniúchta**

Cosúil le blianta roimhe seo, ba mhaith liom aird a tharraingt ar an tuairim iniúchta cáilithe a d'eisigh KPMG, na hiniúchóirí a cheap an Bord, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta FRS 102 maidir le sócmhainní a aithint. Tá sócmhainn infhaighte shochair scoir san áireamh i gcónaí sa ráiteas maidir le staid airgeadais i ndáil leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, Scéim Pinsin Shamplach agus an Forlíonadh Pinsin (ag teacht le hollscoileanna eile in Éirinn) chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le gach dliteanas sochair scoir a mhaoinítear anois ar bhonn "íoc mar a thuilltear". Tá sé tugtha le fios ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) go bhfuil sé ceart don Ollscoil sócmhainní pinsin a áireamh ar an mbonn seo. Mar sin féin, is é tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil, a raibh reachtaíocht mar bhun taca faoi, maidir leis an Scéim Shamplach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2017 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn

Agus rún againn filleadh ar bharrachas inbhuanaithe foriomlán sna blianta atá ag teacht, níl a fhios céard atá i ndán don earnáil i dtaobh tiomantas an Rialtais do mholtaí thuarascáil Cassells agus samhail maoinithe fad-téarmach a bhunú chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht. Cé go bhfuil deiseanna suntasacha ar fáil don Ollscoil chun níos mó ioncaim a ghiniúint ó fhoinsí neamh-Státchiste le cois an mhéid atá curtha ar fáil go dtí seo, tá maoiniú suntasach breise ag teastáil ón Stát mar phríomhpháirtí leasmhar san ardoideachas i dtéarmaí athfhillteach agus caipitil araon chun freastal ar fhás réamh-mheasta i rátaí déimeagrafacha agus rannpháirtíochta agus chun cáilíocht eispéireas na mac léinn a chothabháil.




**Fíor 8**

* Easnamh iomlán roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile agus laguithe aon uaire

** 3% den bhuiséad iomlán roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile

Sa chomhthéacs sin, tá bainistíocht chúramach de dhíth ar staid airgeadais na hOllscoile amach anseo agus cé go n-aithnítear go nglacfaidh sé roinnt blianta chun an méadú ar an ioncam atá de dhíth chun barrachas 3% a bhaint amach, tá modh nua leithroinnte acmhainne tugtha isteach ag an Ollscoil in 2017/18 a chuirfidh córas ar fáil chun fás dreasaithe ar ioncam nua ar fud na hOllscoile a sholáthar. Chomh maith leis sin, leanann Coláiste na Tríonóide de bheith rannpháirteach leis an HEA agus reáchtáladh roinnt cruinnithe sa bhliain 2017 chun cúrsaí buiséid a bhreithniú agus ina raibh an HEA moltach faoi theacht aniar na hOllscoile sa tréimhse fhada déine.

Tá an Ollscoil fós tiomanta dul i ngleic lena staid airgeadais ar bhonn tosaíochta agus chun sin a dhéanamh ní mór di leanúint ag giniúint barrachas airgid thirim suntasach óna cuid oibríochtaí chun cur ar a cumas infheistíocht a dhéanamh ina hinfreastruchtúr caipitil agus tosaíochtaí straitéiseacha eile ina measc taithí an mhic léinn a chur chun cinn.

Ian Mathews
**Príomhoifigeach Airgeadais**

Laudet (10), An tOllamh Brian Lucey (9), An tOllamh Catherine McCabe (10), An tOllamh Rachel Moss (10), An tOllamh Eunan O'Halpin (11), An tOllamh Diarmuid R. Phelan (10), An tOllamh Aiden Seery (10), An tOllamh Richard Timoney (11).

Comhaltaí seachtracha:
An Dr Olive Braiden (10), An tUasal Tony Keohane (6).

Comhaltaí mac léinn:
An tUasal Shane Collins (11), An tUasal Kieran McNulty (11), Aoibhinn Ní Lochlainn Uasal (9), An tUasal Dale Whelehan (8).

I measc beartas eile, agus le cois na mbeartas atá luaite thuas, cheadaigh an Bord na beartais seo a leanas le linn na bliana airgeadais 2016/17: Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Soláthróirí Seirbhísí Conraithe a Fhostú go Seachtrach agus an Beartas maidir le Cuairteanna Campais.

(xv) **Cruinnithe den Choiste Iniúchta**: Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Iniúchta le linn na bliana airgeadais 2016/17 agus taifead ar na comhaltaí a d'fhreastail orthu.

Bhí 5 chruinniú den Choiste Iniúchta ann in 2016/17 agus tá taifead ar na comhaltaí a d'fhreastail orthu thíos.

Comhaltaí seachtracha:
Julie O'Neill (Cathaoirleach ag éirí as) (4)*, Oliver Cussen (Cathaoirleach ag teacht isteach ) (5), Ann Duffy (5).

Tinreamh na gComhaltaí:
An tOllamh Joe Barry (5), An tOllamh Ruth Byrne (2), An tOllamh Robbie Gilligan (3).

*as 4 chruinniú a d'fhéadfadh a bheith ann

(xvi) **Cruinnithe den Choiste Airgeadais:** Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Airgeadais le linn na bliana airgeadais 2016/17 agus taifead ar na comhaltaí a d'fhreastail orthu.

Bhí 8 gcruinniú den Choiste Airgeadais ann le linn na bliana airgeadais 2016/17 agus tá taifead ar na comhaltaí a d'fhreastail orthu thíos.

Tinreamh na gComhaltaí:
An Propast (an Dr Patrick Prendergast) (Cathaoirleach) (7), An Leas-Phropast/Príomh-Oifigeach Acadúil (An tOllamh Chris Morash) (7), An Príomh-Oifigeach Airgeadais (An tUasal Ian Mathews) (8), An Príomh-Oifigeach Oibríochta (Geraldine Ruane Uasal)* (6), Sparánaí/Stiúrthóir na Bainistíochta Straitéisí (An tOllamh Veronica Campbell) (7), An Cláraitheoir (An tOllamh Paula Murphy) (6), An tOllamh Robbie Gilligan** (1), An tOllamh Brian Lucey*** (6) Uachtarán Aontas na Mac Léinn (8), Déan na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (An tOllamh Darryl Jones) (7).

Comhaltaí seachtracha:
Caroline Curtis Uasal (6), An tUasal Jon Gorringe (6), An tUasal Liam Kavanagh**** (6).

*1 chruinniú amháin ar an bhfón,** 1 as 1 chruinniú a d'fhéadfadh a bheith ann – d'éirigh as i Meán Fómhair 2016, *** 6 as 7 gcruinniú a d'fhéadfadh a bheith ann, ghlac leis an ról i nDeireadh Fómhair 2016 agus 1 chruinniú amháin ar an bhfón,**** 6 as 7 gcruinniú a d'fhéadfadh a bheith ann, ghlac leis an ról i nDeireadh Fómhair 2016.

(xvii) **Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údaráis Rialachais** Tugadh próiseas féinmheastóireachta an Údaráis Rialachais i gcrích in 2015 agus tabharfar faoi cheann eile in 2018

Thar ceann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

| | |
|---|---|
| ___________________________ | _____________________ |
| An DR PATRICK PRENDERGAST | IAN MATHEWS |
| PROPAST | PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS |

## An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | | Bliain dar críoch 30 M.F. 2017 | | Bliain dar críoch 30 M.F. 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Athshonraithe (Nótaí: 3/9 | |
| | Nótaí | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 44,489 | 44,489 | 44,045 | 44,045 |
| Táillí acadúla | 3 | 136,846 | 136,846 | 130,474 | 130,474 |
| Deontais taighde agus conarthaí | 4 | 100,073 | 100,073 | 92,246 | 92,246 |
| Ioncam eile | 5 | 53,418 | 55,593 | 50,579 | 56,146 |
| Ioncam infheistíochta | 6 | 6,208 | 6,206 | 7,447 | 7,410 |
| Amúchadh deontas caipitil | 21 | 9,578 | 9,578 | 10,276 | 10,276 |
| **Ioncam iomlán roimh dheonacháin agus dhearlaicí** | | **350,612** | **352,785** | **335,067** | **340,597** |
| Deonacháin agus dearlaicí | 7 | 14,945 | 6,859 | 11,667 | 13,857 |
| **Ioncam iomlán** | | **365,557** | **359,644** | **346,734** | **354,454** |
| | | | | | |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 8 | 245,893 | 242,313 | 234,713 | 231,804 |
| Costais oibríochta eile | 9 | 99,362 | 101,248 | 92,708 | 93,683 |
| Ús agus costais airgeadais eile | 10 | 5,101 | 5,101 | 5,221 | 5,221 |
| Dímheas | 12 | 25,773 | 25,752 | 28,016 | 27,993 |
| Lagú Maoine | 12 | 3,868 | 3,868 | 16,657 | 16,657 |
| **Caiteachas iomlán** | | **379,997** | **378,282** | **377,315** | **375,358** |
| | | | | | |
| **Easnamh roimh ghnóthachain agus chaillteanais eile** | | **(14,440)** | **(18,638)** | **(30,581)** | **(20,904)** |
| Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta | 14 | 4,495 | 4,495 | 11,590 | 11,590 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 17/22 | 5,085 | 4,975 | 9,570 | 9,447 |
| | | | | | |
| **(Easnamh)/barrachas roimh cháin** | | **(4,860)** | **(9,168)** | **(9,421)** | **133** |
| Cánachas | 11 | - | - | - | - |
| **(Easnamh) / barrachas don bhliain** | | **(4,860)** | **(9,168)** | **(9,421)** | **133** |
| | | | | | |
| Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna | 29 | 49,971 | 49,971 | 29,630 | 29,630 |
| Gluaiseacht ar shochar scoir infhaighte | 29 | (49,971) | (49,971) | (29,630) | (29,630) |
| **(Caillteanas)/Ioncam cuimsitheach iomlán don** | | **(4,860)** | **(9,168)** | **(9,421)** | **133** |
| | | | | | |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice iomlán don bhliain | 22 | 7,251 | 7,251 | 12,572 | 12,572 |
| Ioncam cuimsitheach srianta/(caillteanas) | 23 | 4,534 | (2,533) | (9,081) | 2,985 |
| Caillteanas cuimsitheach neamhshrianta | | (16,645) | (13,886) | (12,912) | (15,424) |
| **(Caillteanas)/Ioncam cuimsitheach iomlán don** | | **(4,860)** | **(9,168)** | **(9,421)** | **133** |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leanúnacha.

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile maidir le hAthruithe sa Chúlchiste

| | Cúlchistí ioncaim agus caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Athluachála | |
| **Comhdhlúite** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2015 – athshonraithe (nóta 23)** | 168,737 | 21,368 | 106,471 | 517,993 | 814,569 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 12,572 | 8,358 | (30,351) | - | (9,421) |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (17,439) | 17,439 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 12,572 | (9,081) | (12,912) | - | (9,421) |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2016 – athshonraithe (nóta 23)** | 181,309 | 12,287 | 93,559 | 517,993 | 805,148 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 7,251 | 12,083 | (24,194) | - | (4,860) |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (7,549) | 7,549 | - | - |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 7,251 | 4,534 | (16,645) | - | (4,860) |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2017** | 188,560 | 16,821 | 76,914 | 517,993 | 800,288 |

| | Cúlchiste ioncaim agus caiteachais | | | Cúlchiste | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dearlaic | Srianta | Neamhshrianta | Athluachála | |
| **Ollscoil** | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2015** | 168,737 | - | 101,886 | 517,993 | 788,616 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 12,572 | 2,985 | (15,424) | - | 133 |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | - | - | - | - |
| **Ioncam/ (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 12,572 | 2,985 | (15,424) | - | 133 |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2016** | 181,309 | 2,985 | 86,462 | 517,993 | 788,749 |
| Barrachas/(easnamh) ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | 7,251 | - | (16,419) | - | (9,168) |
| Scaoileadh cistí teoranta a caitheadh sa bhliain | - | (2,533) | 2,533 | - | - |
| **Ioncam/ (caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | 7,251 | (2,533) | (13,886) | - | (9,168) |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2017** | 188,560 | 452 | 72,576 | 517,993 | 779,581 |

## Ráiteas Comhdhlúite maidir le Sreabhadh Airgid

| | Nóta | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh don bhliain | | (4,860) | (9,421) |
| **Coigeartú i leith míreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 12 | 25,773 | 28,016 |
| Lagú Maoine | 12 | 3,868 | 16,657 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 21 | (9,578) | (10,276) |
| Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta | 14 | (4,495) | (11,590) |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 17/22 | (5,085) | (7,830) |
| **Coigeartú i leith míreanna caipitil oibre** | | | |
| Méadú ar fhardail | | (11) | (96) |
| Méadú ar infháltais | | (5,663) | (17,370) |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha | | 7,161 | 32,686 |
| **Coigeartú i leith gníomhaíochtaí infheistíochta nó airgeadais** | | | |
| Ioncam infheistíochta | 6 | (6,208) | (7,447) |
| Ús iníoctha | 10 | 5,101 | 5,221 |
| Dearlaicí nua a fuarthas | 22 | (1,943) | (2,767) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | **4,060** | **15,783** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Deontais chaipitil faighte | | 7,573 | 2,221 |
| Ioncam infheistíochta | | 6,208 | 7,447 |
| Diúscairt ar infheisíochtaí sócmhainní neamh-reatha | | 16,500 | - |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí sócmhainní neamh-reatha a fháil | | (23,697) | (4,914) |
| Íocaíochtaí chun infheistíochtaí eile a fháil | | (344) | - |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | | (34,332) | (25,564) |
| Aistrithe chuig/(ó) thaiscí * | | 117,647 | (40,245) |
| Airgead tirim dearlaice nua a fuarthas | | 1,943 | 2,767 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **91,498** | **(58,288)** |
| **Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | | |
| Ús íoctha | | (1,601) | (1,711) |
| Gné chaipitil d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais | | (274) | (119) |
| Gné úis d'íocaíochtaí cíosa leas airgeadais | | (3,500) | (3,510) |
| Iasachtaí nua gan urrús a tarraingíodh anuas | | - | 70,000 |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais** | | **(5,375)** | **64,660** |
| **Méadú ar airgead tirim agus a choibhéis sa bhliain** | | **90,183** | **22,155** |
| Airgead tirim agus a choibhéis ag tús na bliana | 25 | 95,148 | 72,993 |
| Airgead tirim agus a choibhéis ag deireadh na bliana | 25 | 185,331 | 95,148 |

*Bhí rangú infheistíochta na bliana roimhe sin bunaithe ar os cionn 90 lá agus air sin amháin, rinneadh rangú BA16/17 a athbhreithniú go dtí 3 mhí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 2. Deontais Stáit

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Deontas Atarlaithe** | | | | |
| Deontais Stáit | 44,489 | 44,489 | 44,045 | 44,045 |

**Réiteach deontais a fuarthas chuig ioncam aitheanta**

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| A fuarthas i leith na bliana reatha | 44,859 | 44,859 | 42,747 | 42,747 |
| Iarchurtha ón mbliain cuntasaíochta roimhe seo | 1,417 | 1,417 | 2,715 | 2,715 |
| Iarchurtha chuig blianta cuntasaíochta ina dhiaidh sin | (1,787) | (1,787) | (1,417) | (1,417) |
| Iomlán | 44,489 | 44,489 | 44,045 | 44,045 |

### 3. Táillí acadúla

| | | | Athshonraithe | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
| Ioncam ó tháillí acadúla | 131,924 | 131,924 | 125,806 | 125,806 |
| Ioncam ó tháillí acadúla eile | 2,882 | 2,882 | 2,848 | 2,848 |
| Ioncam Ilghnéitheach ó tháillí | 2,040 | 2,040 | 1,820 | 1,820 |
| Iomlán | 136,846 | 136,846 | 130,474 | 130,474 |

**Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas:**

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cúrsaí Fochéime AE | 70,910 | 70,910 | 70,773 | 70,773 |
| Cúrsaí Fochéime Neamh-AE | 24,759 | 24,759 | 23,464 | 23,464 |
| Taighde Iarchéime AE | 7,007 | 7,007 | 6,904 | 6,904 |
| Taighde Iarchéime Neamh-AE | 3,554 | 3,554 | 2,841 | 2,841 |
| Iarchéim Múinte AE | 15,722 | 15,722 | 15,756 | 15,756 |
| Iarchéim Múinte Neamh-AE | 9,972 | 9,972 | 6,068 | 6,068 |
| Iomlán | 131,924 | 131,924 | 125,806 | 125,806 |

Íocadh iomlán de €37,323,307 (2016: €37,312,563) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Áirítear air sin táillí altranais de €3,725,945 (2016: €3,841,913).

I ndiaidh dul i gcomhairle le hollscoileanna eile san earnáil agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear cur chuige seasmhach i bhfeidhm, tá laghdú €3.1m agus €0.1m faoi seach ar ioncam ó tháillí acadúla agus ar ioncam ó tháillí acadúla eile na bliana roimhe sin chun an bealach leasaithe a chaitear le táillí saor in aisce a léiriú (tarscaoileadh táillí agus táillí scoláirí). Bhíodh na táillí saor in aisce á dtaispeáint roimhe seo in ioncam ó tháillí agus léiríodh an caiteachas measta gaolmhar eile faoi speansais eile (féach ar Nóta 9). Níl na suimeanna sin san áireamh anois san ioncam ná sna speansais sna figiúirí comparáideacha athluaite arna gcur i láthair do 2016.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 4. Deontais taighde agus conarthaí

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Stát agus leathstáit | 57,912 | 57,912 | 57,217 | 57,217 |
| An tAontas Eorpach | 19,511 | 19,511 | 16,503 | 16,503 |
| Tionscal | 4,234 | 4,234 | 2,747 | 2,747 |
| Forchostais SFI | 7,063 | 7,063 | 7,398 | 7,398 |
| Eile | 11,353 | 11,353 | 8,381 | 8,381 |
| Iomlán | 100,073 | 100,073 | 92,246 | 92,246 |

### 5. Ioncam Eile

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó scoileanna acadúla agus oifigí dáimhe | 5,902 | 6,024 | 5,369 | 6,181 |
| Limistéir Seirbhíse | 3,905 | 3,907 | 3,155 | 3,155 |
| Lónadóireacht | 3,048 | 3,048 | 3,198 | 3,198 |
| Ioncam ó Árais Chónaithe | 11,328 | 11,328 | 10,677 | 10,677 |
| Seirbhísí coimhdeacha eile | 1,444 | 1,468 | 1,074 | 1,074 |
| Ioncam ó chíos | 7,465 | 7,465 | 8,264 | 8,264 |
| Ioncam Leabharlainne | 13,874 | 13,874 | 11,998 | 12,000 |
| Ioncam Iamháltais | 4,115 | 4,115 | 4,250 | 4,250 |
| Gníomhaíochtaí eile neamh-acadúla | 216 | 991 | 525 | 3,333 |
| Gailearaí Eolaíochta | 1,323 | 1,323 | 1,545 | 1,521 |
| Ioncam eile | 798 | 2,050 | 524 | 2,493 |
| Iomlán | 53,418 | 55,593 | 50,579 | 56,146 |

### 6. Ioncam infheistíochta

| | Nóta | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam ó dhearlaicí buana | 22 | 5,812 | 5,812 | 6,205 | 6,205 |
| Ioncam ó dhearlaicí inídithe | 22 | 218 | 218 | 245 | 245 |
| Ús ó infheistíochtaí gearrthéarmacha | | - | - | 185 | 185 |
| Glan-aischur ar an scéim sochair scoir | 29 | - | - | 369 | 369 |
| Iomlán | | 6,208 | 6,206 | 7,447 | 7,410 |

### 7. Deonacháin agus dearlaicí

| | Nóta | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deonacháin neamhshrianta | | 919 | 4,916 | 787 | 8,105 |
| Deonacháin le srianta | 23 | 12,083 | - | 8,113 | 2,985 |
| Dearlaicí nua | 22 | 1,943 | 1,943 | 2,767 | 2,767 |
| Iomlán | | 14,945 | 6,859 | 11,667 | 13,857 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 8. Costais Foirne (ar lean)

Is mar seo a leanas a bhí an meánlíon daoine in aghaidh na seachtaine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearacha) a bhí fostaithe san Ollscoile i rith na bliana, léirithe mar shealbhóirí comhionann lánaimseartha:

| | Comhdhlúite 2017 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) | Ollscoil 2017 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) | Comhdhlúite 2016 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) | Ollscoil 2016 Coibhéis Lánaimseartha (FTE) |
|---|---|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 2,285 | 2,285 | 2,119 | 2,119 |
| Teicniúil | 139 | 139 | 138 | 138 |
| Seirbhísí tacaíochta | 1,077 | 1,077 | 1,019 | 1,019 |
| Eile | 820 | 775 | 801 | 763 |
| Iomlán | 4,321 | 4,276 | 4,077 | 4,039 |

### 9. Costais oibríochta eile

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Athshonraithe Comhdhlúite 2016 €'000 | Athshonraithe Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Teileafón agus cumarsáid ghaolmhar | 691 | 688 | 655 | 655 |
| Earraí inchaite | 10,455 | 10,480 | 11,530 | 11,537 |
| Costas earraí díolta | 3,913 | 3,913 | 3,837 | 3,837 |
| Ríomhairí agus trealamh eile | 10,234 | 10,122 | 8,639 | 8,639 |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 6,808 | 6,808 | 7,116 | 7,116 |
| Leabhair agus tréimhseacháin, priontáil & páipéarachas | 4,858 | 4,856 | 4,927 | 4,926 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 5,438 | 5,437 | 3,731 | 3,731 |
| Árachas | 1,366 | 1,365 | 1,289 | 1,289 |
| Seirbhísí gairmiúla | 8,834 | 8,881 | 9,881 | 9,881 |
| Cíos, rátaí & cáin mhaoine | 3,561 | 3,561 | 2,924 | 2,924 |
| Taisteal agus cothabháil | 6,426 | 6,423 | 5,754 | 5,754 |
| Fáilteachas agus siamsaíocht | 888 | 887 | 802 | 802 |
| Earcú | 860 | 851 | 886 | 886 |
| Caipitlíocht | 1,125 | 1,125 | 1,147 | 1,147 |
| Costais maidir le scoláirí agus Comhaltaí | 376 | 376 | 289 | 289 |
| Costais & dámhachtainí a bhaineann le Mic Léinn | 7,239 | 7,239 | 7,696 | 7,696 |
| Costais a bhaineann le fostaithe | 2,110 | 2,065 | 1,794 | 1,794 |
| Fógraíocht & Costais Chaidrimh Phoiblí | 1,551 | 1,495 | 1,674 | 1,674 |
| Muirir bhainc | 621 | 620 | 640 | 640 |
| Measúnú Cáilíochta & Riosca | 391 | 391 | 442 | 442 |
| Conarthaí Seirbhíse | 9,328 | 9,328 | 7,968 | 7,968 |
| Síntiúis & Táillí Ballraíochta | 1,578 | 1,577 | 1,592 | 1,592 |
| Caiteachas díreach Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide | 2,290 | - | 2,150 | - |
| Caiteachas díreach chiste dearlaice | 1,171 | 1,171 | 1,332 | 1,332 |
| Costais eile | 7,250 | 11,589 | 4,013 | 7,132 |
| Iomlán | 99,362 | 101,248 | 92,708 | 93,683 |

Tá laghdú €1.1m agus €2.1m faoi seach tagtha ar chostais maidir le Scoláirí agus Comhaltaí agus ar chostais a bhaineann le Mic Léinn chun an bealach leasaithe a chaitear le táillí saor in aisce a léiriú. Roimhe seo, léiríodh costas na dtáillí saor in aisce a measadh a bheadh i gceist laistigh de na catagóirí costais sin. Mar a dhéantar cur síos níos mine air i Nóta 3, tar éis dul i gcomhairle le hollscoileanna eile san earnáil agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear cur chuige seasmhach i bhfeidhm, níl na suimeanna sin san áireamh anois san ioncam ná sa chaiteachas.

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite**

**12. Sócmhainní seasta inláimhsithe**

| Comhdhlúite | Talamh agus foirgnimh €'000 | Daingneáin agus Feistí €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Trealamh Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 1,154,235 | 9,200 | 20,756 | 186,535 | 1,370,726 |
| *Athrangú amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | (1,864) | 1,864 | - | - | - |
| Breiseanna | 19,458 | 6,357 | 1,205 | 7,312 | 34,332 |
| Diúscairtí | (6,891) | - | - | (1,894) | (8,785) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 1,164,938 | 17,421 | 21,961 | 191,953 | 1,396,273 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 252,085 | 355 | 18,604 | 165,946 | 436,990 |
| Dímheas don bhliain | 13,253 | 1,376 | 1,297 | 9,847 | 25,773 |
| Muirir lagaithe | 3,868 | - | - | - | 3,868 |
| Diúscairtí | (6,891) | - | - | (1,894) | (8,785) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 262,315 | 1,731 | 19,901 | 173,899 | 457,846 |
| **Glan-luach leabhair** | | | | | |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2016 | 902,150 | 8,845 | 2,152 | 20,589 | 933,736 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 902,623 | 15,690 | 2,060 | 18,054 | 938,427 |

*Baineann an t-athrangú amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 idir Talamh agus Foirgnimh agus Daingneáin agus Feistis le costais feistiúcháin i ndáil le forbairt Ionad Spóirt Sheantraibh.

| Ollscoil | Talamh agus foirgnimh €'000 | Daingneáin agus Feistis €'000 | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Trealamh Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 1,152,371 | 11,064 | 20,219 | 186,535 | 1,370,189 |
| Breiseanna | 19,458 | 6,357 | 1,198 | 7,312 | 34,325 |
| Diúscairtí | (6,891) | - | - | (1,894) | (8,785) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 1,164,938 | 17,421 | 21,417 | 191,953 | 1,395,729 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 252,085 | 355 | 18,109 | 165,946 | 436,495 |
| Dímheas don bhliain | 13,253 | 1,376 | 1,276 | 9,847 | 25,752 |
| Muirir lagaithe | 3,868 | - | - | - | 3,868 |
| Diúscairtí | (6,891) | - | - | (1,894) | (8,785) |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 262,315 | 1,731 | 19,385 | 173,899 | 457,330 |
| **Glan-luach leabhair** | | | | | |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2016 | 900,286 | 10,709 | 2,110 | 20,589 | 933,694 |
| Amhail an 30 Meán Fómhair 2017 | 902,623 | 15,690 | 2,032 | 18,054 | 938,399 |

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 23. Cúlchistí srianta (ar lean)

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 agus an 1 Deireadh Fómhair 2015, tá athrangú mar chúlchistí neamhshrianta déanta ar Chiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide agus ar Iontaobhas Choláiste na Tríonóide ar an mbunús nach bhfuil cuspóir ar leith ainmnithe ag na deontóirí. Ba é an tionchar a bhí aige sin ar iarmhéid na gcúlchistí comhdhlúite amhail an 1 Deireadh Fómhair 2016 ná gur laghdaíodh an t-ioncam agus caiteachas - an cúlchiste srianta ó €14.501m go €12.287m agus gur méadaíodh an t-ioncam agus caiteachas - an cúlchiste neamhshrianta faoi €2.214m ó €91.435m go €93.559m.

### 24. Cúlchiste athluachála

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéideanna amhail an 1 Deireadh Fómhair | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |
| Athluacháil sa bhliain | - | - | - | - |
| Iarmhéideanna amhail an 30 Meán Fómhair | 517,993 | 517,993 | 517,993 | 517,993 |

### 25. Airgead tirim nó a choibhéis

**Comhdhlúite**

| | 1 D.F. 2016 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | 30 M.F. 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim nó a choibhéis | 95,148 | 90,183 | 185,331 |

**Ollscoil**

| | 1 D.F. 2016 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | 30 M.F. 2017 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim nó a choibhéis | 92,365 | 74,122 | 166,487 |

Áirítear ar airgead tirim agus a choibhéis €9.3m (2016 €15.2m) d'airgead srianta a bhaineann le comhthionscadail taighde le hinstitiúidí eile.

### 26. Tiomantais chaipitil

| | Comhdhlúite 2017 €'000 | Ollscoil 2017 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Ollscoil 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Conradh déanta ach gan curtha ar fáil fós | 84,751 | 5,607 | 4,025 | 4,025 |
| Údaraithe ach gan a bheith curtha amach ar conradh | - | - | 928 | 928 |
| Iomlán | 84,751 | 5,607 | 4,953 | 4,953 |

Áirítear €79.1m sna tiomantais chaipitil chomhdhlúite do thionscadail forbartha Ghala (Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus árais chónaithe Chearnóg Theach na Clódóireachta).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

### 29. Sochair Scoir (ar lean)

| Comhdhlúite agus Ollscoil | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach reatha dhliteanais an phlean | (1,701,923) | (1,743,816) |
| Sochar scoir infhaighte (cearta cúitimh) | 1,701,923 | 1,743,816 |
| | - | - |

| Anailís ar dhliteanas sochair scoir | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Máistirscéim Pinsin | (1,054,774) | (1,136,704) |
| Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin | (623,940) | (590,805) |
| Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair | (23,209) | (16,307) |
| Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-mhaoinithe | (1,701,923) | (1,743,816) |

| Athruithe ar luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir sainithe | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair shainithe ag tús na tréimhse | 1,743,816 | 1,395,218 |
| Costas seirbhíse reatha | 74,932 | 55,165 |
| Costas Úis | 27,631 | 37,231 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 2,222 | 2,220 |
| Éifeacht choigeartuithe ó thaithí ar oibleagáid sochair scoir shainithe | 40,869 | (39,656) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana airgeadais | (153,755) | 326,249 |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (33,792) | (32,611) |
| Oibleagáid sochair scoir shainithe ag deireadh na tréimhse | 1,701,923 | 1,743,816 |

| Athruithe ar luach cothrom na gcearta aisíocaíochta | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach cothrom na gcearta cúitimh ag tús na tréimhse | 1,743,816 | 1,395,218 |
| Ioncam úis | 27,846 | 37,600 |
| Toradh ar chearta aisíocaíochta | (62,915) | 316,223 |
| Ranníocaíochtaí ón bhfostóir | 25,026 | 25,425 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 2,222 | 2,220 |
| Íocaíochtaí sochair ó chearta aisíocaíochta | (33,792) | (32,611) |
| Costais riaracháin arna íoc ó chearta cúitimh | (280) | (259) |
| Luach cóir ar chearta cúitimh ag deireadh na bliana | 1,701,923 | 1,743,816 |

